| 18 Deireadh Fómhair 2019 | October 18th, 2019 |
| --- | --- |
| **Cad a bhí ar siúl againn an tseachtain seo??? ( chomh maith leis an obair ar fad a bhí ar siúl sna seomraí ranga!)**<br><br>1. **Picnic na dTeidithe** - D'éirigh go hiontach leis an tráthnóna oscailte. Míle buíochas do na páistí, tuismitheoirí agus múinteoirí a bhí linn agus na Teidithe dár ndóigh!<br><br>2. **SkipnRope -** Bhí am iontach ag na páistí go léir le Múinteoir Mark ó SkipnRope - táimid ag súil go mór le téad scipeála a cheannach uaidh don chlós.<br><br>3. **An Coiste Glas** Bhí na páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí atá ag obair leis an gCoiste Glas an-ghafa inniu ag cur crann le síolta a bhailíodh ar shuíomh na scoile. Míle buíochas.<br><br>4. **Comhairle na nDaltaí** Bhí an cruinniú tionscnaimh de Chomhairle na nDaltaí 2019.2020 inniu. Beidh a thuilleadh eolais faoin gComhairle agus an ról atá acu i Mí na Samhna. Treise libh a pháistí!<br><br>5. **Ceardlann leis an nGarda Pobail Brian** Tháinig Garda Brian isteach inniu agus labhair sé leis na páistí i ranganna 5 agus 6 faoi bhulaíocht ar-líne agus sábháilteacht ag Oíche Shamhna. Bhain na páistí sult agus tairbhe as an gcur i láthair. Go raibh míle maith agat a Gharda.<br><br>6. **Cór na Scoile** Bhí an cór ag cleachtadh inniu. Tá siad go iontach ar fad. Go raibh míle maith agaibh a pháistí, múinteoirí agus tuismitheoirí. | **What were we doing this week??? ( as well as all the wonderful work being done in each classroom!)**<br><br>1. **Teddy bears' picnic-** The open day was a huge success. I'm very thankful to all the children, parents and teachers who were there and the teddies!<br><br>2. **SkipnRope -** The children had a wonderful time with Múinteoir Mark from SkipnRope - we are looking forward to buying some skipping ropes for the yard.<br><br>3. **An Coiste Glas** The children, teachers and parents were busy at work today planting trees with seeds collected on our school grounds! Míle buíochas!<br><br>4. **Comhairle na nDaltaí** CnanD 2019.2020 held their inaugural meeting today. Lots more information about their role in November. Best of luck to all involved!<br><br>5. **Workshop with Community Garda Brian** Garda Brian spoke today to Rang 5 agus 6 about online bullying and safety at Halloween. The children enjoyed and got great benefit from this very important workshop. Please discuss Halloween safety with all of the children. GRMA<br><br>6. **Cór na Scoile** The school choir are busy practicing for their Christmas carol services. Their standard is very high, huge go raibh míle maith agat to all involved. |

| | |
|---|---|
| **Snámh**<br>7. **Snámh** - Tá **rang a Dó** ag dul go dtí a gceacht deireanach ar an Aoine 25.10.2019 ag 9 a chlog. Comhghairdeachas libh bhí sibh thar barr! Molaimid do na páistí i r2 teacht ar scoil sna cultacha reatha glasa agus na héadaí a thógáil leo don ghléasadh suas.<br><br>8. **Snámh - Rang a 3** - Tosóidh Rang a 3 ag snámh ar an Máirt 22.10.2019 ó 10.15 - 11.15. Tá an t-eolas ar fad ar Aladdin. | **Swimming**<br>**7. Rang a Dó** will have their final lesson on Friday 25.10.2019 at 9 am. Huge congratulations to all these young children and their teachers!<br>Please send the children to school in their green tracksuit and allow them to bring their Halloween costumes with them. The teachers will help them to change into their outfits when back at school after swimming.<br><br>8. **Rang a 3** will begin their lessons on Tuesday 22.10.2019 from 10.15 to 11.15am. All information is on Aladdin. |
| **Comhairle na dTuismitheoirí**<br><br>9. Bhí an cruinniú tionscnaimh de Chomhairle na dTuismitheoirí 2019.2020 ar siúl sa scoil aréir. D'éirigh go hiontach leo agus guímid gach rath orthu don bhliain os ár gcomhair.<br><br>Cathaoirleach: Jenny Diver<br>Cisteoir: Jean Underwood Rydahl<br>Rúnaí: Mary Behan<br><br>Beidh **Dioscó Oíche Shamhna** acu sa scioból ó 5-6 achlog ar an Aoine 25.10.2019.<br>2 euro an pháiste nó 5 euro don chlann.<br><br>**Tesco** - Buíochas le CnadTis féidir dearbhán a thabhairt do Ghaelscoil Chill Dara i dTesco, Droichead Nua! | **Comhairle na dTuismitheoirí**<br><br>**9.** CnadT 2019.2020 had their inaugural meeting last night in the school. It was a huge success with an excellent turnout. We wish them all the very best in their work this year.<br><br>Cathaoirleach: Jenny Diver<br>Cisteoir: Jean Underwood Rydahl<br>Rúnaí: Mary Behan<br><br>The **Halloween disco** will be held in the Scioból on Friday 25.10.2019 from 5-6 pm.<br>2 euro per child/ 5 euro per family.<br><br>**Tesco**- Thanks to CnadT you can now give blue Tesco tokens in Tesco, Newbridge for Gaelscoil Chill Dara. |
| **Dátaí dod' dhialann**<br><br>a) **Maidin Chaife** Beidh ár maidin chaife ar siúl Déardaoin 24.10.2019 ó 9-10am i halla na scoile ar son Cumann Ailse na hÉireann. Fáilte roimh chách.<br>b) **Oíche Shamhna -Mór an scanradh!**<br>Lá an Phatrúin - [An Foras Pátrúnachta] | **Dates for your diary**<br><br>**a) Maidin Chaife** A coffee morning will be held in the halla for the Irish Cancer society from 9-10am, Thursday 24.10.2019. All welcome<br>b) **Oíche Shamhna** - 25.10 is the one day a year which we collect money |

| | |
|---|---|
| 2 euro an pháiste nó 5 euro an chlann le do thoil.<br>Is féidir an t-airgead a sheoladh isteach le do pháiste nó trí Aladdin!<br><br>Beidh na páistí ag gléasadh suas d'Oíche Shamhna ar an Aoine 25.10.2019. Iarrfaimid oraibh iarracht a dhéanamh na cultacha a dhéanamh, "athchúrsáil, athúsáid, laghdaigh, ná ceannaigh" ( samplaí ó bhlianta eile!) agus ná tabhair airm dóibh le bhur dtoil.<br><br>**Briseadh Lár Téarma**<br>Beidh an scoil dúnta ó 2.40 Aoine 25.10.2019 go dtí 9.00 Maidin Luain 4.11.2019.<br><br>**c) Ná déan dearmad - Lá Oiliúna ag na Múinteoirí ar an 8.11.2019 Scoil dúnta ar an lá seo.** | for our school patron body An Foras Pátrúnachta. 2 euro per child or 5 euro per family. You may pay this money through Aladdin. Thank you for supporting this day and our Patron body.<br><br>The children will be dressing up on Friday 25.10.2019 for Halloween. We ask people to please use homemade and recycled costumes in line with our "reuse, recycle, reduce, don't buy" Green School's motto. Please do not send any weapons etc. in along with outfits.<br><br>**Briseadh Lár Téarma**<br>The school will be closed from 2.40 on Friday 25.10.2019 until 9am on Monday 4th November 2019.<br><br>**c) Please remember - don't forget - School inservice day on Friday 8th November 2019.** |

**Le mórbhuíochas,**

**Foireann na Scoile**

**Comhghairdeachas leis na Gaeilgeoirí na Seachtaine agus Múinteoir na Seachtaine - Múinteoir Karen**

**Bíodh Deireadh Seachtaine álainn agaibh**

**DATA: DÉ hAOINE 25ú DEIREADH FÓMHAIR**

**i SCIOBÓL GAELSCOIL CHILL DARA**

**AM: ó 5.00 - 6.00p.m.**

**Fáilte roimh chách**

**€2 páistí nó €5 clann**

# Damsha, cluichí agus siopa milseán

**Caithfidh páistí a bheith in éineacht le daoine fásta!**

**(Children must be accompanied by an adult!)**